Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Iúil 2024**
**(OR. en)**

**11685/24**

**AGRI 546**
**VETER 90**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10999/24 INIT + REV 1 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le todhchaí WOAH |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le todhchaí WOAH, a d'fhormheas an Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh ag an 4037ú cruinniú a bhí aici an 24 Meitheamh 2024.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le todhchaí WOAH**

1. I gcomhthéacs chomóradh 100 bliain na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe (WOAH), chuir an Uachtaránacht tús le próiseas faoina mbreathnófaí ar thodhchaí WOAH. Chuathas i mbun an phróisis sin i gcomhthráth leis an obair a thionscain WOAH chun féachaint ar chásanna a bheidh ann amach anseo agus ar na himpleachtaí a bheidh acu ar a struchtúir agus ar a phróisis rialachais.

2. Ar bhonn an mhéid i scríbhinn a chuir na toscaireachtaí ar aghaidh mar fhreagairt ar cheistneoir ón Uachtaránacht agus ar bhonn an phlé a rinneadh ag trí chruinniú den Mheitheal um Ainmhithe agus Ceisteanna Tréidliachta (Príomhoifigigh Thréidliachta), d'ullmhaigh an Uachtaránacht dréachtchonclúidí ón gComhairle.

3. Tar éis babhta plé ina dhiaidh sin, thacaigh an Mheitheal um Ainmhithe agus Ceisteanna Tréidliachta (Príomhoifigigh Thréidliachta) leis an dréacht a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo agus cuirfidh sé le seasaimh tosaigh an Aontais agus a Bhallstát sa phlé atá ar na bacáin maidir le todhchaí WOAH.

4. Ós mar sin atá, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) an méid seo a leanas a dhéanamh:

   (a) a dhearbhú go n-aontaíonn siad le téacs na gConclúidí mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo iad,

   (b) a mholadh don Chomhairle na Conclúidí, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo iad, a fhormheas.

**<u>Conclúidí ón gComhairle</u>**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

Agus an méid seo a leanas á mheabhrú aici:

– Is eagraíocht idir-rialtasach í an Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe (WOAH) a bunaíodh in 1924, agus *Office International des Epizooties (OIE)* mar ainm uirthi an uair sin, mar fhreagairt ar na rioscaí a bhaineann le galair thrasteorann ainmhithe.

– Is í an bhliain 2024 comóradh 100 bliain WOAH, ag ceiliúradh céad bliain dá tiomantas sláinte agus leas ainmhithe a fheabhsú.

– Aithnítear sa Chomhaontú maidir le Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta a Chur i bhFeidhm gurb é WOAH an eagraíocht idirnáisiúnta ábhartha atá freagrach as caighdeáin idirnáisiúnta sláinte ainmhithe a fhorbairt agus a chur chun cinn agus moltar do chomhaltaí na hEagraíochta Domhanda Trádála a mbearta sláintíochta a bhunú ar chaighdeáin idirnáisiúnta WOAH[1].

*Misean WOAH*

1. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ról lárnach atá ag WOAH maidir le trédhearcacht a chruthú i ndáil le staid dhomhanda na ngalar ainmhithe le céad bliain anuas.

2. AITHNÍONN SÍ tiomantas buanseasmhach WOAH do shláinte dhomhanda ainmhithe agus MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil an tAontas agus a Bhallstáit tiomanta i gcónaí tacú le misean WOAH.

1 Nóta ón Ardrúnaíocht maidir leis an gCaidreamh le Codex, an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí (IPPC) agus OIE, EDT, an Coiste um Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta, G/SPS/GEN/775, Bealtaine 2007; Airt. 5.3.1 Nósanna imeachta WOAH atá ábhartha don chomhaontú maidir le bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta na hEagraíochta Trádála Domhanda a chur i bhfeidhm, Cód um Shláinte na nAinmhithe Talún, 10/8/22.

3. AITHNÍONN SÍ saineolas seanbhunaithe WOAH maidir le sláinte ainmhithe agus zónóisí a forbraíodh trí shonraí agus faisnéis eolaíoch a bhailiú, a anailísiú agus a scaipeadh agus an obair shuntasach a dhéanann sí chun caighdeáin idirnáisiúnta a leagan síos atá bunaithe ar an eolaíocht.

4. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur ghlac WOAH ceannaireacht maidir le saincheisteanna ábhartha eile, leas ainmhithe agus frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha, mar shampla, trína gcomhtháthú ina raon feidhme oibre le blianta fada anuas.

5. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá do WOAH aghaidh a thabhairt go tráthúil freisin ar na dúshláin dhomhanda atá ag teacht chun cinn.

6. AITHNÍONN SÍ rannchuidiú tábhachtach WOAH, in éineacht leis an gCoimisiún Codex Alimentarius agus leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí, mar chomhlachtaí idirnáisiúnta chun caighdeáin a leagan síos dá dtagraítear i gComhaontú EDT maidir le Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta a Chur i bhFeidhm, maidir le trádáil idirnáisiúnta shábháilte in ainmhithe agus i dtáirgí ainmhithe a éascú.

*Modhanna oibre agus cineálacha cur chuige WOAH atá oiriúnach do dhúshláin an lae inniu agus an lae amárach*

7. I bhfianaise chomóradh céad bliain WOAH, is díol sásaimh di an tionscnamh atá á dhéanamh ag WOAH chun machnamh a dhéanamh ar an obair a dhéanfaidh sí amach anseo agus athbhreithniú a dhéanamh ar a Bhuntéacsanna agus ar a rialachas chun cur le hullmhacht agus lúfaireacht straitéiseach WOAH do dhúshláin a bheidh ann amach anseo, agus Meitheal á cruthú a bheidh tiomanta d’obair leantach a dhéanamh ar na tionscnaimh sin.

8. AITHNÍONN SÍ go leanann obair WOAH atá bunaithe ar an eolaíocht de bheith ina bunchloch d’inchreidteacht na heagraíochta, agus aitheantas á thabhairt don tábhacht a bhaineann le bunús eolaíoch obair WOAH.

9. I ndáil leis an méid sin, MEASANN SÍ gur cheart caighdeáin WOAH a bheith bunaithe i gcónaí ar an bhfaisnéis eolaíoch is déanaí agus ar an taithí allamuigh is déanaí chun a áirithiú go mbainfear amach i gcleachtas iad.

10. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé go n-úsáidfeadh agus go scaipfeadh WOAH sonraí oifigiúla, tráthúla agus cruinne maidir le galair ainmhithe a liostaítear i gCóid WOAH agus maidir le galair atá ag teacht chun cinn, i gcomhréir le caighdeáin WOAH arna nglacadh ag an Tionól; agus IARRANN SÍ ar WOAH leanúint de thrédhearcacht na sonraí a úsáidtear a mhéadú, an próiseas aiseolais le haghaidh sonraí tarchurtha a neartú agus a áirithiú go gcuirfear sonraí ar fáil go tráthúil.

11. AITHNÍONN SÍ tiomantas WOAH oibriú ar bhealach trédhearcach agus LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le hiarracht leanúnach a bheith ann chun feabhas a chur ar thrédhearcacht sa phróiseas cinnteoireachta agus ar an tuairisciú airgeadais agus buiséadach.

12. MOLANN SÍ díospóireacht oscailte a bheith ann maidir le cistí a leithdháileadh ó chomhaltaí agus ó fhoinsí eile lena n-áirithítear rialachas airgeadais atá bunaithe ar thrédhearcacht, atá inbhuanaithe agus cothrom do na comhaltaí agus lena gceadaítear do na comhaltaí uile rannchuidiú go héifeachtach agus go cothrom agus neamhspleáchas airgeadais agus neamhspleáchas WOAH á gcosaint san am céanna.

13. MEABHRAÍTEAR DI rannpháirtíocht ghníomhach an Aontais agus a Bhallstát in obair WOAH trí shaineolas a chur ar fáil, *inter alia*, chun caighdeáin WOAH a fhorbairt, agus a dtiomantas leanúnach na caighdeáin sin a urramú; ar an mbonn sin, MOLANN SÍ do chomhaltaí uile WOAH a ngealltanais a chomhlíonadh, go n-áiritheofar cur chun feidhme chaighdeáin WOAH.

*Seasamh idirnáisiúnta WOAH i gcomhthéacs na hAon Sláinte Amháin*

14. MOLANN SÍ do WOAH leanúint dá ceannaireacht i sláinte ainmhithe a bhunú agus de ghalair zónóiseacha a rialú ar an leibhéal idirnáisiúnta, agus leas á bhaint as a saineolas eolaíoch agus teicniúil maidir le sláinte ainmhithe, galair zónóiseacha agus frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha.

15. TACAÍONN SÍ GO hIOMLÁN le rannpháirtíocht WOAH sa Mheabhrán Tuisceana idir Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO), an Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe, Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe agus an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte maidir le comhar chun rioscaí sláinte a chomhrac, (an Meabhrán Tuisceana Ceithrepháirteach), ós rud é go gcuireann saineolas WOAH comhpháirt fhíor-riachtanach le comhar 'na hAon Sláinte Amháin' sin, go bhfeabhsaíonn sé torthaí na comhpháirtíochta sin agus go rannchuidíonn sé leis an bplé idirearnálach níos leithne maidir le 'Aon Sláinte Amháin'; chomh maith leis an gCreat Domhanda um Rialú Forchéimnitheach Ghalair Thrasteorann Ainmhithe (GF-TADanna), tionscnamh comhpháirteach FAO agus WOAH chun spriocanna comhchoiteanna comhaontaithe a bhaint amach maidir le galair thrasteorann ainmhithe tosaíochta a chosc, a bhrath agus a rialú ar an leibhéal réigiúnach agus domhanda, lena n-áirítear straitéisí comhleanúnacha vacsaínithe a fheabhsú.

16. AITHNÍONN SÍ go léiríonn rannpháirtíocht WOAH sa chomhar ceithrepháirteach an ról sochaíoch atá aige ar an leibhéal domhanda agus go gcruthaíonn sé níos mó feasachta ar an staid idirnáisiúnta maidir le sláinte ainmhithe, rud a fhágann gur féidir le WOAH a saineolas maidir le sláinte agus sabháilteacht ainmhithe, lena n-áirítear zónóisí, galair bhia-iompartha agus frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha a chur i gcomhthéacs leathan, casta agus iomlánaíoch dhúshláin na hAon Sláinte Amháin.

*Comhar straitéiseach & fothú acmhainneachta*

17. I bhfianaise chastacht na saincheisteanna sláinte domhanda, cuireann sí i bhfios go láidir gur cheart do WOAH a comhar idirdhisciplíneach le hinstitiúidí eolaíocha agus le comhpháirtithe eile a chothú agus a dhoimhniú a thuilleadh, chomh maith leis na bealaí atá ann cheana le Toscairí agus le Lárionaid Tagartha WOAH, chun saineolas a chomhroinnt agus léargais a chur chun feidhme ó dhisciplíní éagsúla lenar féidir obair WOAH a threorú ar bhealach níos leithne.

18. MEASANN SÍ gur cheart do WOAH a dhícheall a dhéanamh feasacht a mhúscailt agus eolas a scaipeadh go háirithe maidir le sláinte ainmhithe, leas ainmhithe agus galair zónóiseacha ar fud an domhain trí leanúint de pháirt a thabhairt do pháirtithe leasmhara in obair na heagraíochta agus trí oideachas a chur ar an bpobal i gcoitinne maidir le hobair WOAH agus sláinte ainmhithe ar bhealach níos ginearálta.

19. MOLANN SÍ DO WOAH leanúint de thacaíocht agus treoir a thabhairt do sheirbhísí náisiúnta tréidliachta tríd an gConair maidir le Feidhmíocht Seirbhísí Tréidliachta, i measc nithe eile; agus an méid sin á dhéanamh acu, is féidir leis na seirbhísí náisiúnta tréidliachta agus WOAH oibriú i gcomhar le chéile chun feabhas a chur ar an eolas maidir le sláinte ainmhithe, galair bhia-iompartha agus leas ainmhithe ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus idirnáisiúnta.

20. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart do WOAH leanúint d'úsáideacht agus luach a cuid caighdeán agus uirlisí a chur chun cinn, mar shampla an Fhaireachlann, agus míniú conas ba cheart iad a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta chun feabhas a chur ar leibhéal a gcur chun feidhme agus ar rannpháirtíocht chomhaltaí uile WOAH ina cuid oibre.

21. TACAÍONN SÍ le WOAH tionscnaimh a dhéanamh chun acmhainneacht a fhorbairt chun géarchéimeanna sláinte ainmhithe a chosc, a rialú agus chun freagairt dóibh i dtíortha a bhfuil acmhainní teoranta acu, ós rud é go gcuirfidh sé sin misean domhanda WOAH chun cinn agus go rannchuideoidh sé le comhionannas agus dlúthpháirtíocht níos fearr a chruthú sna comhpháirtíochtaí idir comhaltaí WOAH.

22. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le cur chuige cuimsitheach a bheith ann atá bunaithe ar chomhthuiscint faoi chreat WOAH, chun rannpháirtíocht na gComhaltaí uile in obair WOAH a mhéadú.

23. I ndáil leis an méid sin, LEAGANN SÍ BÉIM ar ról idirchaidrimh choimisiúin réigiúnacha WOAH agus MOLANN SÍ DÓIBH a ról a shoiléiriú agus a neartú go gcuirfear sainiúlachtaí réigiúnacha san áireamh ar bhealach níos fearr.

24. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur cheart don Aontas agus dá Bhallstáit a dtionchar ar bheartas idirnáisiúnta sláinte ainmhithe a chothú, agus a gcreat dlíthiúil maidir le sláinte ainmhithe, leas ainmhithe agus galair zónóiseacha á mhíniú agus á chur chun cinn acu mar bhealach chun leanúint de bheith ag iarraidh caighdeáin idirnáisiúnta níos láidre a bhaint amach agus rannchuidiú go dearfach le tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir leis na hábhair sin ar an leibhéal idirnáisiúnta.

25. IS MÓR AICI rannpháirtíocht an Aontais agus na mBallstát in obair uaillmhianach WOAH maidir lena todhchaí féin, agus MOLANN SÍ do Phríomhoifigigh tréidliachta agus toscairí náisiúnta na mBallstát, agus don Choimisiún Eorpach páirt ghníomhach a ghlacadh in obair WOAH maidir le todhchaí WOAH arb é is aidhm di cumas na heagraíochta a sainordú a bhaint amach go héifeachtúil, go héifeachtach agus go hinbhuanaithe amach anseo a dhaingniú.